TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
RANTOS
arna tabhairt an 13 Feabhra 2025[1]

**Cás C-635/23**

**WBS GmbH**
**Imeachtaí coiriúla**
**Páirtí leasmhar**
**Generalstaatsanwaltschaft Berlin**

(Iarraidh ar réamhrialú ó Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin))

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2014/41/AE – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Ordú Imscrúdaithe Eorpach – Airteagal 2(c)(ii) – Na coincheapa 'údarás eisiúna' agus 'údarás inniúil eile atá ag feidhmiú mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla' – Inniúlacht chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta – Bearta cuardaigh a éilíonn údarú ó bhreitheamh imscrúdaithe – Airteagal 6(1) agus (2) – Coinníollacha chun Ordú Imscrúdaithe Eorpach a eisiúint)

## Réamhrá

1. An féidir le húdarás riaracháin nach bhfuil, faoin dlí náisiúnta, inniúil chun beart imscrúdaithe a ordú in imeacht coiriúil naisiúnta, beart den sórt sin a ordú i gcás gnóthas atá bunaithe i mBallstáit eile trí Ordú Imscrúdaithe Eorpach ('OIE') a eisiúint faoi Threoir 2014/41/AE maidir le OIE in ábhair choiriúla[2] agus, más féidir, cad iad na coinníollacha faoinar féidir OIE den sórt sin a eisiúint? Is é sin, go bunúsach, an cheist a tharchuir Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin) san iarraidh seo ar réamhrialú, a bhaineann le léiriú Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin.

2. Mar mheabhrúchán, déanann Airteagal 2(c) de Threoir 2014/41, lena sainítear an coincheap 'údarás eisiúna' de OIE, idirdhealú idir dhá chatagóir d'údarás: ar an gcéad dul síos, na húdaráis bhreithiúnacha, eadhon 'breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann', dá dtagraítear in Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin ('údarás breithiúnach') agus, ar an dara dul síos, na húdaráis neamhbhreithiúnacha, eadhon 'aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú [...] mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta', dá dtagraítear in Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin ('údarás neamhbhreithiúnach').

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1).

3. Rinneadh an iarraidh ar réamhrialú i gcomhthéacs iarraidh ar fhorfheidhmiú, sa Ghearmáin, de OIE arna eisiúint ag Korupcijas novēršanas un apkarošanas birojs (Biúró um Éilliú a Chosc agus a Chomhrac, an Laitvia; 'KNAB') maidir le gnóthas, WBS GmbH, atá bunaithe sa Ghearmáin ('an OIE atá i gceist'). Tar éis a bheith ina ábhar cuardaigh faoin OIE sin, thug an gnóthas sin caingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur ag maíomh, go bunúsach, nach féidir glacadh leis an bhfianaise a bailíodh i ndáil le forghníomhú an OIE sin toisc nár eisigh 'údarás eisiúna' é de réir bhrí Threoir 2014/41. Go sonrach, dar leis nach údarás eisiúna é KNAB ar an bhforas, ar an gcéad dul síos, nach bhfeidhmíonn sé mar údarás breithiúnach, de réir bhrí Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin, agus, ar an dara dul síos, nach gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin, chun gur féidir é a aicmiú mar 'údarás inniúil eile', ós rud é nach bhfuil sé inniúil 'chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta', de bhrí go bhforchoimeádtar glacadh beart cuardaigh in imeachtaí náisiúnta, faoi dhlí na Laitvia, do na húdaráis bhreithiúnacha amháin.

4. Cé go raibh an deis ag an gCúirt cheana féin raon feidhme an choincheapa 'údarás eisiúna', de réir bhrí Airteagal 2(c) de Threoir 2014/41, a shoiléiriú, agus an t-idirdhealú idir 'údaráis bhreithiúnacha' agus 'údarás inniúil eile' de réir bhrí na forála sin a shoiléiriú,[3] iarrtar air, sa chás seo, ceist nua a fhreagairt, maidir le raon feidhme an dara catagóir de na húdaráis sin.

## An dlí lena mbaineann

### *Dlí an Aontais Eorpaigh*

5. De réir aithrisí 5, 7 agus 11 de Threoir 2014/41:

'(5) Ó glacadh Cinntí Réime [2003/577/CGB[4]] agus [2008/978/CGB[5]], is léir anois go bhfuil an creat atá ann cheana maidir le fianaise a ghlacadh ró-ilroinnte agus róchasta. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige nua.

[...]

(7) Tá an cur chuige nua sin bunaithe ar ionstraim aonair ar a dtugtar "Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE)". Tá OIE le heisiúint chun beart sonrach imscrúdaitheach amháin nó níos mó a dhéanamh sa Stát a bhfuil OIE á fhorghníomhú aige ("an Stát forghníomhaithe") d'fhonn fianaise a bhailiú. Áirítear leis sin fianaise a fháil atá i seilbh an údaráis forghníomhaithe cheana féin.

[...]

[3] Féach, i ndáil leis sin, breithiúnais an 8 Nollaig 2020, *Staatsanwaltschaft Wien (Orduithe aistrithe falsaithe)* (C-584/19, an breithiúnas in '*Staatsanwaltschaft Wien*', EU:C:2020:1002); an 16 Nollaig 2021, *Spetsializirana prokuratura (Sonraí tráchta agus suímh)* (C-724/19, an breithiúnas in '*Spetsializirana prokuratura*', EU:2021:1020), an 2 Márta 2023, *Staatsanwaltschaft Graz (Oifig Cánach Düsseldorf um ábhair cánach coiriúla)* (C-16/22, an breithiúnas in ' *Staatsanwaltschaft Graz*', EU:C:2023:148) agus an 30 Aibreán 2024, *M.N. (EncroChat)* (C-670/22, an breithiúnas in '*EncroChat*', EU:C:2024:372).

[4] Cinneadh Réime ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a chalcadh (IO 2003 L 196, lch. 45).

[5] Cinneadh Réime ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir leis an mBarántas Fianaise Eorpach chun earraí, doiciméid agus sonraí a fháil le húsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO 2008 L 350, lch. 72).

(11) Ba cheart OIE a roghnú i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil forghníomhú birt imscrúdaithigh comhréireach, leordhóthanach agus infheidhme maidir leis an gcás atá i gceist. Ba cheart don údarás eisiúna, dá bhrí sin, a fhíorú an bhfuil an fhianaise atá á lorg riachtanach agus comhréireach chun críche na n-imeachtaí, an bhfuil an beart imscrúdaitheach a roghnaíodh riachtanach agus comhréireach chun an fhianaise lena mbaineann a bhailiú, agus ar cheart, trí bhíthin OIE a eisiúint, go mbeadh baint ag Ballstát eile leis an bhfianaise sin a bhailiú. Ba cheart an measúnú céanna a dhéanamh le linn an nós imeachta bailíochtaithe, i gcás ina gceanglaítear bailíochtú OIE faoin Treoir seo. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'An tOrdú Imscrúdaithe Eorpach agus oibleagáid é a fhorghníomhú':

'1. Is cinneadh breithiúnach é an [OIE] arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás breithiúnach Ballstáit ("an Stát eisiúna") chun beart imscrúdaitheach sonrach amháin nó roinnt bearta imscrúdaitheacha sonracha a dhéanamh i mBallstát eile ("an Stát forghníomhaitheach") chun fianaise a fháil i gcomhréir le [Treoir 2014/41].

Féadfar OIE a eisiúint freisin chun fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin.

2. Déanfaidh na Ballstáit OIE a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir leis an Treoir seo.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Foráiltear le hAirteagal 2(c) den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(c) ciallaíonn "údarás eisiúna":

(i) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó

(ii) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla agus atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, sula dtarchuirfear chuig an údarás forghníomhaitheach é, déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna OIE a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a chomhréireacht leis na coinníollacha chun OIE a eisiúint faoin Treoir seo, go háirithe na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1). I gcás ina raibh OIE bailíochtaithe ag údarás breithiúnach, féadfar an t-údarás sin a mheas freisin mar údarás eisiúna chun críocha an OIE a tharchur.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. I gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir sin, dar teideal 'Coinníollacha chun OIE a eisiúint agus a tharchur':

'1. Ní fhéadfaidh an t-údarás eisiúna OIE a eisiúint ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá eisiúint an OIE riachtanach agus comhréireach chun críche na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 agus cearta an duine atá faoi amhras nó atá cúisithe á gcur san áireamh; agus

(b) d'fhéadfaí an beart imscrúdaitheach nó na bearta imscrúdaitheacha a luaitear in OIE a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás inchomparáide náisiúnta.

2. Déanfaidh an t-údarás eisiúna na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a mheasúnú i ngach cás.

3. I gcás ina bhfuil cúis ag an údarás forghníomhaitheach lena chreidiúint nár comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir leis an tábhacht a bhaineann le OIE a fhorghníomhú. Tar éis an chomhairliúcháin sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna a chinneadh OIE a tharraingt siar.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Foráiltear le hAirteagal 9(1) go (3) de Threoir 2014/41, dar teideal 'Aithint agus forghníomhú':

'1. Aithneoidh an t-údarás forghníomhaitheach OIE, arna tharchur i gcomhréir leis an Treoir seo, gan aon fhoirmiúlacht bhreise a bheith ag teastáil, agus áiritheoidh sé a fhorghníomhú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá mba údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh a d'ordaigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, mura rud é go gcinneann an t-údarás ceann de na forais do neamhaithint nó do neamhfhorghníomhú nó ceann de na forais le haghaidh cur siar dá bhforáiltear sa Treoir seo a agairt.

2. Comhlíonfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta arna lua go sainráite ag an údarás eisiúna mura bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo agus ar an gcoinníoll nach bhfuil na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta sin ag teacht salach ar phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.

3. I gcás ina bhfaighidh údarás forghníomhaithe OIE nár eisigh údarás eisiúna mar a shonraítear in Airteagal 2(c), tarchuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an OIE ar ais chuig an Stát eisiúna.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

## *Dlí na Laitvia*

10. Rialaítear creat dlíthiúil na Laitvia chun OIE a ghlacadh le hAirteagail 887 [1] go 887 [3] de Kriminālprocesa likums (Cód um Nós Imeachta Coiriúil), an 11 Bealtaine 2005.[6] I gcomhréir le hAirteagal 887(1) [1], den chód sin, i gcás inar gá, in imeachtaí coiriúla, beart nós imeachta a dhéanamh ar chríoch Ballstáit eile den Aontas Eorpach, sula dtionscnófar ionchúiseamh, ní mór don duine atá freagrach as na himeachtaí, agus an OIE á tharraingt suas aige, a chomhréireacht agus a riachtanas a mheas i ndáil leis an gcion atá faoi imscrúdú, agus ina dhiaidh sin fíoróidh an

[6] *Latvijas Vēstnesis*, 2005, Uimh. 74.

t-ionchúisitheoir atá freagrach as an imscrúdú a stiúradh freisin go gcomhlíonann an beart nós imeachta arna iarraidh ar Bhallstát an Aontais ceanglais an dlí agus déanfaidh sé a riachtanas agus a chomhréireacht a mheas maidir leis an gcion atá faoi imscrúdú. Sula ndéanfar OIE a tharraingt suas, déanfaidh an duine atá freagrach as na himeachtaí na bearta uile a bheadh riachtanach dá ndéanfaí an gníomh nós imeachta a fhorghníomhú sa Laitvia.

11. Rialaítear cuardaigh le hAirteagail 179 go 185 den chód sin. Déanann Airteagal 179(1) cuardach a shainiú mar bheart imscrúdaithe arb é is cuspóir dó imscrúdú éigeantach a dhéanamh ar áitreabh, talamh, feithicil nó duine aonair chun an t-ábhar atá á lorg a aimsiú agus a urghabháil i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil sé san áit ina ndéantar an cuardach.

12. Foráiltear le hAirteagal 180(1) den chód sin go bhfuil an cuardach le déanamh ar bhonn cinneadh ó bhreitheamh imscrúdaithe nó ó chúirt. Bunóidh an breitheamh imscrúdaithe a chinneadh ar thogra arna thíolacadh ag an duine atá freagrach as na himeachtaí agus as na doiciméid atá i gceangal leo.

**An díospóid sna príomhimeachtaí, an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais**

13. An 5 Aibreán 2019, thionscain KNAB imeachtaí coiriúla maidir le calaois mhórscála, diomailt neamhdhleathach maoine daoine eile ar mhórscála agus brionnú agus úsáid bhrionnaithe in aghaidh gníomhairí áirithe atá ag obair d'fhondúireacht atá bunaithe i Ríge (an Laitvia). Le linn a imscrúdaithe, mheas KNAB gur ghá cuardach a dhéanamh ar áitribh ghnó, atá lonnaithe i mBeirlín (an Ghearmáin), de chuid FF GmbH agus WBS GmbH agus d'iarr sé ar bhreitheamh imscrúdaithe de Rīgas pilsētas Vidzemes priekšpilsētas tiesa (Cúirt Chathrach Ríge, Ceantar Bhruachbhailteach Vidzeme, an Laitvia) na bearta imscrúdaitheacha sin a údarú, i gcomhréir le hAirteagail 179 agus 180 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil na Laitvia.

14. Le horduithe an 24 Aibreán 2019, cheadaigh an breitheamh sin iarraidh KNAB ar an bhforas, ar an gcéad dul síos, go raibh sé réasúnach a chreidiúint go raibh doiciméid, iompróirí sonraí agus ábhair atá ábhartha do na himeachtaí san áitreabh sin agus, ar an dara dul síos, go raibh na cuardaigh, a raibh suíomh agus calcadh na ndoiciméad, na iompróirí agus na n-ábhar sin mar chuspóir acu, riachtanach agus comhréireach.

15. An 25 Aibreán 2019, d'eisigh KNAB, mar 'údarás inniúil' de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41, an OIE atá i gceist, lenar iarr sé ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine beirt fhinnéithe a éisteacht agus na horduithe cuardaigh thuasluaite a fhorghníomhú. Rinne Latvijas Republikas des enerālprokuratūra (Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia, 'Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia') an OIE sin a bhailíochtú agus é a tharchur ansin chuig Staatsanwaltschaft Berlin (Oifig Ionchúisitheoir Phoiblí Bheirlín, an Ghearmáin, 'Oifig an Ionchúisitheoir Poiblí Bheirlín').

16. Ar achomharc ó Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Bheirlín, d'ordaigh Amtsgericht Berlin-Tiergarten (Cúirt Dúiche Beirlín-Tiergarten, an Ghearmáin) áitreabh gnó de chuid FF agus WBS a chuardach. Rinneadh na cuardaigh sin an 13 Bealtaine 2019 agus mar thoradh, rinneadh go leor fianaise a chalcadh.

17. Sna príomhimeachtaí, thug WBS caingean os comhair Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín), an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh, *inter alia*, dearbhú nach bhféadfaí an t-aistriú fianaise a bailíodh i bhforghníomhú an OIE atá i gceist sa Ghearmáin, chuig Phoblacht na Laitvia, a ghlacadh.

18. Mar thaca lena iarraidh, bhraith WBS, *inter alia*, ar an mbreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura* lenar chinn an Chúirt nach bhféadfadh ach cúirt, OIE a bhaineann le beart imscrúdaitheach a ghlacadh atá forchoimeádta do na cúirteanna faoi dhlí an Stáit eisiúna, é a eisiúint. Sa chás seo, is é KNAB, nach cúirt é, a d'eisigh an OIE atá i gceist, ach, faoi dhlí na Laitvia, is do na cúirteanna amháin a fhorchoimeádtar glacadh na mbeart cuardaigh as a eascraíonn calcadh fianaise in imeachtaí náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, rinne Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia an OIE sin a bhailíochtú de bhun OIE arna ghlacadh ag údarás nach raibh inniúlacht aige.

19. D'fhiafraigh Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Bheirlín d'Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia an bhféadfaí an OIE atá i gceist a eisiúint arís, ach ag cúirt an uair seo. Thug Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia freagra diúltach ar an bhforas nach raibh aon bhunús dlí i ndlí na Laitvia leis sin. Sa chomhthéacs sin, d'ordaigh an chúirt a rinne an tarchur aistriú na fianaise a bailíodh a chur ar fionraí.

20. Sula rialóidh sí ar inghlacthacht an bhirt um chúnamh frithpháirteach, ba mhaith leis an gcúirt sin a fháil amach, mar a áitíonn WBS, an gcaithfidh feidhm a bheith ag na prionsabail a eascraíonn as an mbreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura* sna príomhimeachtaí, rud a d'fhéadfadh a thabhairt air a chinneadh nár cheart glacadh le haistriú fianaise de bhun an OIE atá i gceist,[7] nó, mar a áitíonn KNAB, ar leor réamhbhailíochtú na mbeart imscrúdaitheach ag cúirt de chuid an Stáit eisiúna, i gcomhréir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear i dTreoir 2014/41 chun measúnuithe a dhéanamh agus cúiseanna a lua, chun críocha an fhianaise sin a aistriú.

21. Sna himthosca sin, chinn Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gceadaítear d'údarás inniúil eile [OIE] a bhaineann le beart arna fhorchoimeád do na cúirteanna faoi dhlí an Stáit eisiúna a eisiúint, de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) de Threoir (2014/41/AE), i gcomhar le húdarás bailíochtaithe neamhbhreithiúnach, má tá an beart imscrúdaithe údaraithe cheana ag cúirt de chuid an Stáit eisiúna i gcomhréir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear i dTreoir 2014/41/AE chun measúnuithe a dhéanamh agus cúiseanna a lua?'

22. Chuir WBS, Rialtas na Gearmáine, Rialtas na hEastóine, Rialtas na Laitvia, Rialtais na Polainne, Rialtas na Portaingéile agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Cé is moite de Rialtais na hEastóine agus na Portaingéile, chuir na páirtithe sin agus Rialtas na Sualainne a dtuairimí in iúl freisin ag an éisteacht a tionóladh an 13 Samhain 2024.

[7] Cheanglófaí ansin ar Oifig Ionchúisitheora Poiblí Bheirlín an OIE a tharchur chuig Poblacht na Laitvia, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Threoir 2014/41.

## Anailís

23. Lena ceist a tharchuirtear chun réamhrialú, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41 le léiriú sa chaoi go bhféadfar údarás neamhbhreithiúnach a eisíonn, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, bearta imscrúdaitheacha sonracha, a bhailíochtaíonn údarás breithiúnach sula bhforghníomhaítear iad i mBallstát eile, a aicmiú mar 'údarás eisiúna' de réir bhrí na forála sin, cé go bhforchoiméadtar glacadh beart imscrúdaitheach den sórt sin i nós imeachta inmheánach d'inniúlacht na n-údarás breithiúnach amháin.

24. I mo thuairimse, ba cheart freagra dearfach a thabhairt ar an gceist sin ar na cúiseanna a leagfaidh mé amach thíos.

### *Réamhbharúlacha*

25. Ar dtús, ba cheart a choinneáil i gcuimhne gur tháinig Treoir 2014/41 in ionad an chreata ilroinnte agus chasta roimhe seo maidir le fianaise a ghlacadh i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo trí chóras simplithe agus níos éifeachtaí a bhunú bunaithe ar ionstraim aonair, eadhon OIE. Bhí sé d'aidhm ag an gcóras seo comhar breithiúnach a éascu agus a luathú d'fhonn rannchuidiú leis an gcuspóir a shanntar don Aontas a bhaint amach maidir le bheith ina limistéir saoirse, slándála agus ceartais, bunaithe ar an ardleibhéal muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit.[8] Chuige sin, is ionstraim é OIE a thagann faoi raon feidhme an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla dá dtagraítear in Airteagal 82(1) CFAE, atá bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha. Tá an prionsabal sin, arb é 'bunchloch' an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla é, bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar an toimhde infhrisnéise go gcomhlíonann Ballstáit eile dlí an Aontais, go háirithe, na cearta bunúsacha.[9]

26. Sa chomhthéacs sin, sainmhínítear 'an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach' in Airteagal 1(1) de Threoir 2014/41 mar 'chinneadh breithiúnach' arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás breithiúnach an Stáit eisiúna chun beart imscrúdaitheach sonrach amháin nó roinnt bearta imscrúdaitheacha sonracha a dhéanamh sa Stát forghníomhaitheach chun fianaise a fháil, lena n-áirítear fianaise atá i seilbh údaráis inniúla an Bhallstáit sin cheana féin.[10]

27. Faoi Airteagal 1(2) de Threoir 2014/41, déanfaidh na Ballstáit OIE a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha na Treorach sin. Faoi Airteagal 9(1) den Treoir sin, aithneoidh an t-údarás forghníomhaitheach OIE, gan aon fhoirmiúlacht bhreise a bheith ag teastáil, agus áiritheoidh sé a fhorghníomhú ar an mbealach céanna agus faoi na modúlachtaí céanna amhail is dá mba údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh a d'ordaigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann. Faoin bhforáil chéanna sin, féadfaidh an t-údarás sin a chinneadh gan OIE a fhorghníomhú trí bhrath ar cheann de na forais do neamhaithint nó do neamhfhorghníomhú nó cheann de na forais le haghaidh cur siar dá bhforáiltear sa Treoir sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 9(3) de Threoir 2014/41,

[8] Féach, go háirithe, aithrisí 5 go 8, 21 agus 38 de Threoir 2014/41, agus na breithiúnais in *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 39), *Spetsializirana prokuratura* (mír 36), *Staatsanwaltschaft Graz* (mír 42) agus *EncroChat* (mír 86).

[9] Féach, go háirithe, aithrisí 2, 6 agus 19 de Threoir 2014/41, chomh maith leis na breithiúnais in *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 40), an 11 Samhain 2021, *Gavanozov II* (C-852/19, *'Gavanozov II'*, EU:C:2021:902, mír 54) agus *EncroCha*t (mír 99).

[10] Féach na breithiúnais in *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 41), an 2 Meán Fómhair 2021, *Finanzamt für Steuerstrafsachen und Steuerfahndung Münster* (C-66/20, EU:C:2021:670, mír 39), agus *EncroChat* (mír 71).

i gcás ina bhfaighidh údarás forghníomhaitheach OIE nár eisigh údarás eisiúna, de réir bhrí Airteagal 2(c) den Treoir sin, go dtarchuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-ordú sin chuig an Stát eisiúna. [11]

28. I ndáil leis sin, sainmhínítear in Airteagal 2(c) de Threoir 2014/41, chun críocha na Treorach sin, an coincheap 'údarás eisiúna'. Mar sin, sonraítear san fhoráil sin go bhféadfaidh údarás den sórt sin a bheith, faoi phointe (i) de, ina 'breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann', [12] nó, faoin gcéad abairt de phointe (ii), arb í a léiriú is ábhar don tarchur chun réamhrialú seo, 'aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá ag feidhmiú, sa chás sonrach sin, mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla, atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta'. [13]

29. Leanann sé freisin ón dara habairt d'Airteagal 2(c)(ii) den Treoir seo nuair a eisíonn údarás neamhbhreithiúnach OIE, sula dtarchuirfear é chuig an údarás forghníomhaithe, ní mór d'údarás breithiúnach de réir bhrí Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin an cinneadh sin a bhailíochtú, a cheanglaítear air scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht an chinnidh sin leis na coinníollacha chun OIE a eisiúint faoi Treoir 2014/41, go háirithe na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1) di. [14] Ar deireadh, foráiltear leis an tríú habairt den fhoráil sin, i gcás údarás breithiúnach a rinne OIE den sórt sin a bailíochtú 'féadfar' an t-údaras sin a mheas 'freisin' mar údarás eisiúna chun críocha an OIE a tharchur.

30. Leanann sé ón méid sin roimhe seo go bhféadfadh údarás neamhbhreithiúnach, amhail údarás riaracháin, teacht, i bprionsabal, faoin gcoincheap 'údarás eisiúna', de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41, sna himthosca dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den Tuairim seo, eadhon, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé inniúil chun feidhmiú mar údarás imscrúdaithe in imeachtaí coiriúla [15] agus, ar an dara dul síos, go ndéanann údarás breithiúnach a OIE a bhailíochtú sula dtarchuirtear chuig an Stát forghníomhaitheach é. [16]

[11] Féach breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Finanzamt für Steuerstrafsachen und Steuerfahndung Münster* (C-66/20, EU:C:2021:670, mír 40).

[12] Déantar na ceithre údarás sin, a liostaítear go huileghabhálach, a aicmiú mar 'údaráis bhreithiúnacha' de réir bhrí Threoir 2014/41, ós rud é go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach i riaradh an cheartais (féach an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Graz* (míreanna 30 go 32 agus 37)).

[13] Léirítear leis an tagairt do 'aon údarás eile' in Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41 nach mór aon údarás seachas na húdaráis bhreithiúnacha dá dtagraítear in Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin a scrúdú i bhfianaise Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin. Mar sin, ní mór an abairt seo a thuiscint mar thagairt d'aon údarás den fheidhmeannas (féach Airteagal 4(b) den Treoir sin agus an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Graz* (míreanna 34 agus 35)).

[14] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Graz* (míreanna 27 agus 28).

[15] Féach na breithiúnais in *Spetsializirana prokuratura* (mír 29) agus *Staatsanwaltschaft Graz* (míreanna 33 agus 34, agus an cásdlí dá dtagraítear).

[16] Féach, mar shampla, an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 46). Bunaithe ar Thuarascáil an 20 Meán Fómhair 2021 ón nGréasán Breithiúnach Eorpach (EJN), atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin (ag: https://www.ejn-crimjust.europa.eu/ejn/EJN_RegistryDoc/EN/3115/0/0), chomh maith le Poblacht na Laitvia, tá go leor Ballstát tar éis údaráis riaracháin a ainmniú mar 'údaráis eisiúna', go háirithe Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na hUngáire, Poblacht na hOstaire, agus Poblacht na Polainne.

31. Sa chás seo, níl aon chonspóid ann gur fheidhmigh KNAB, nach údarás breithiúnach é faoi dhlí na Laitvia mar an t-údaras imscrúdaithe sna himeachtaí coiriúla.[17] Ar an gcaoi chéanna, sular tarchuireadh é chuig an Stát forghníomhaitheach, rinne Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia an OIE atá i gceist a bhailíochtú, nach bhfuil aon amhras faoina cáil mar 'údarás breithiúnach' de réir bhrí Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin.[18]

32. Os a choinne sin, baineann an t-amhras a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl, go bunúsach, leis an gceist an gcomhlíonann KNAB an coinníoll, a leagtar síos in Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin, dá dtagraítear i mír 28 den Tuairim seo, maidir le bheith ina údarás '*atá inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta*', a mhéid, faoi dhlí na Laitvia,[19] in imeachtaí coiriúla náisiúnta, nach mór na bearta imscrúdaitheacha atá i gceist sna príomhimeachtaí, eadhon cuardaigh, cé go bhfuil siad bunaithe ar thogra ón údarás imscrúdaithe inniúil, amhail KNAB, a dhéanamh ar bhonn cinneadh ó bhreitheamh imscrúdaithe nó ó chúirt, agus, dá bhrí sin, go dtagann siad faoi inniúlacht eisiach na n-údarás breithiúnach.

33. De réir na cúirte a rinne an tarchur, tagann an cheist sin chun cinn *a fortiori*, ós rud é, sa bhreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura*, gur chinn an Chúirt nach mór Airteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar ionchúisitheoir poiblí inniúlacht a bheith aige OIE a eisiúint chun sonraí tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid a fháil, i gcás, in imeachtaí naisiúnta, go dtagann glacadh birt imscrúdaithigh chun rochtain a fháil ar shonraí den sórt sin faoi inniúlacht an bhreithimh.

34. I gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, is gá, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, ní hamháin a foclaíocht a chur san áireamh leis, ach freisin a comhthéacs agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid dóibh í, go háirithe an stair reachtach a chur san áireamh freisin.[20]

### *Léiriú litriúil*

35. Sa chéad áit, maidir le *foclaíocht* Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41, dá dtagraítear i mír 28 den Tuairim seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhforáiltear leis an bhforáil sin, chun teacht faoin gcoincheap 'údarás eisiúna', nach mór gurb é údarás riaracháin an t-údarás atá inniúil chun na bearta sin a ghlacadh i gcás intíre.

36. Ní cheanglaítear leis an bhforáil sin go gcaithfidh an t-údarás a bheadh inniúil iarbhír chun glacadh fianaise a ordú '*i gcás intíre comhchosúil*', chun OIE a eisiúint, mar a áitíonn WBS agus an Coimisiún go bunúsach, ach sonraítear inti nach mór go mbeadh inniúlacht ag an údarás sin chun a ordú go nglacfaí an fhianaise sin 'i gcomhréir leis an dlí náisiúnta'. Go deimhin, ní féidir an dá abairt sin a mheas mar chomhchiallaigh, ós rud é nach ndéanann na focail 'inniúil chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta' tagairt ar bith d'aon choibhéis a

[17] Faoi Airteagal 386(6) den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, is údarás imscrúdaithe é KNAB a fhéadfaidh, i gcomhréir le hAirteagal 27 den chód sin, feidhmiú mar 'dhuine atá freagrach as na himeachtaí' a stiúrann imeachtaí coiriúla.

[18] Féach Airteagal 1(1) den Prokuratūras likums (Dlí maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí) an 19 Bealtaine 1994 (*Latvijas Vēstnesis*, 2004, Uimh. 65). Tá an 'ionchúisitheoir poiblí' ar cheann de na 'húdaráis bhreithiúnacha' dá dtagraítear in Airteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41 a bhfuil sé de chumhacht acu OIE a bhailíochtú (féach an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Graz* (mír 53)).

[19] Féach Airteagal 180(1) den Cód um Nós Imeachta Cóiriúil.

[20] Féach, chuige sin, go háirithe breithiúnais an 17 Aibreán 2018, *Egenberger* (C-414/16, EU:C:2018:257, mír 44), *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 49), an 28 Deireadh Fómhair 2022, *Generalstaatsanwaltschaft München (Eiseachadadh agus ne bis in idem)* (C-435/22 PPU, EU:C:2022:852, mír 67) agus *Staatsanwaltschaft Graz* (mír 25).

d'fhéadfadh a bheith ann le cás intíre comhchosúil. Thairis sin, ní chuireann an fhoráil chéanna bac ar údarás atá inniúil, faoi dhlí an Stáit eisiúna, chun gníomhú mar údarás imscrúdaithe chun OIE a eisiúint, ach ní hé an t-údarás a d'ordaigh an beart céanna sin i staid inmheánach.

37. I ndáil leis sin, mar a tugadh faoi deara i mír 25 den Tuairim seo, tá an córas a bunaíodh le Treoir 2014/41 bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar an toimhde infhrisnéise go gcomhlíonann na Ballstáit eile dlí an Aontais. Sin é an fáth go dtugtar le hAirteagal 2(c)(ii) den Treoir sin an chumhacht don Stát eisiúna amháin na húdaráis neamhbhreithiúnacha inniúla a 'shainiú' agus go dtagraítear go sainráite dá dhlí náisiúnta chun na críche sin, agus na coinníollacha substainteacha éagsúla nach mór don dlí sin a leagan síos á sonrú aige. Dá réir sin, is faoin Stát eisiúna amháin atá sé na húdaráis neamhbhreithiúnacha a bheadh inniúil chun OIE a eisiúint a shainiú, ar choinníoll go gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin. Ní féidir glacadh le léiriú dá mhalairt, gan gach éifeacht phraiticiúil a bhaint den fhoráil sin agus, go háirithe, de phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh.[21]

38. Dá bhrí sin, i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41, a meabhraíodh i mír 30 den Tuairim seo, agus i bhfianaise na gcritéar sin amháin, is gá a mheas an féidir údarás riaracháin, amhail KNAB, a aicmiú mar 'údarás eisiúna'de réir bhrí na Treorach sin. Go deimhin, is cosúil gurb é sin an cás anseo.

39. Ar an gcéad dul síos, níl aon amhras ach go bhfuil freagrachtaí ar KNAB a chuireann ar a chumas feidhmiú 'mar údarás imscrúdaithe' de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41, ós rud é, faoin dlí náisiúnta, go bhfeidhmíonn sé mar an 'duine atá freagrach as na himeachtaí' sa chéim réamhthrialach d'imeachtaí coiriúla sa chomhrac i gcoinne an éillithe, bíodh sé i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla a bhfuil gné náisiúnta nó thrasteorann ag baint leo. I ndáil le sin, leanann sé ó bharúlacha i scríbhinn agus ó bhéal Rialtas na Laitvia, go mbíonn ar, de bhun Airteagal 27 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil, mar an 'duine atá freagrach as na himeachtaí', KNAB: '(1) seoladh na n-imeachtaí coiriúla a eagrú agus na doiciméid ghaolmhara a bhainistiú; (2) cinntí maidir le stiúradh imeachtaí coiriúla a dhéanamh; (3) cumhacht údaráis phoiblí a fheidhmiú é féin nó trí oifigigh eile phoiblí ag an gcéim ábhartha de na himeachtaí coiriúla (4) comhlíonadh a n-oibleagáidí i leith imeachtaí coiriúla agus rialacha nós imeachta a cheangail ar gach duine (5) a áirithiú go bhfuil na daoine a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla in ann na cearta dá bhforáiltear leis an dlí a fheidhmiú.'

40. Ní féidir amhras a chaitheamh ar an gcinneadh sin toisc, faoi dhlí na Laitvia, i gcomhthéacs bearta imscrúdaitheacha a d'fhéadfadh cur isteach ar shaol duine aonair, amhail cuardaigh, nach féidir le KNAB bearta den sórt sin a ghlacadh, ach gur féidir leis iad a mholadh amháin don bhreitheamh imscrúdaithe, a bhfuil inniúlacht aige amháin iad a ghlacadh. Mar atá curtha in iúl ag Rialtas na Laitvia, is éard atá i gcinneadh an bhreithimh imscrúdaithe ná 'údarú' ar an gcuardach a mhol KNAB, seachas cinneadh neamhspleách bunaithe ar mheasúnaithe neamhspleácha arna ndéanamh ag an mbreitheamh imscrúdaithe ar ghnéithe fíorasacha an imscrúdaithe atá i gceist. Go sonrach, leanann sé ó bharúlacha Rialtas na Laitvia go ndéanann an breitheamh imscrúdaithe, i gcóras nós imeachta coiriúil na Laitvia, athbhreithniú go príomha ar urraim do chearta an duine in imeachtaí coiriúla agus ní ar oiriúnacht na mbeart imscrúdaitheach éagsúil. Dá bhrí sin, de réir an Rialtais sin, ní chiallaíonn an fíoras gurb é an breitheamh imscrúdaithe an t-údarás a ordaíonn an cuardach go gcuirtear de chúram air leis an dlí náisiúnta an t-imscrúdú a dhéanamh in imeachtaí coiriúla seachas an 'duine atá freagrach as na himeachtaí'.

[21] Mar shampla, chinn an Chúirt cheana féin go bhféadfadh údarás cánach Ballstáit a dhéanann, faoin dlí náisiúnta, imscrúduithe coiriúla cánach in ionad oifig an Ionchúisitheora phoiblí, cé go dtagann sé faoi chumhacht feidhmiúcháin an Stáit sin, teacht faoin gcoincheap 'údarás eisiúna' de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin (féach an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Graz* (mír 46)).

Dá bhrí sin, is é KNAB fós an ‘duine atá freagrach as na himeachtaí’, atá freagrach as bearta imscrúdaitheacha a mholadh agus as measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gá leo chun cuspóir an imscrúdaithe sin a bhaint amach.

41. Ar an dara dul síos, tá sé doshéanta freisin go gcomhlíontar an coinníoll, a leagtar síos sa dara habairt d’Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41, nach mór d’údarás breithiúnach OIE a bhailíochtú. Mar is léir ó ghnáthbhrí an téarma ‘bailíochtú’, ceanglaítear leis an bpróiseas sin ar an údarás breithiúnach bailíocht dhlíthiúil OIE a dheimhniú. I gcomhréir le dlí na Laitvia, rinne Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Laitvia an OIE atá i gceist a bhailíochtú agus, tar éis di a fhíorú go raibh an fhianaise a lorgaíodh agus na bearta imscrúdaitheacha a roghnaíodh riachtanach agus comhréireach chun críocha an imscrúdaithe, chuir sí ar aghaidh chuig Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Bheirlín é lena fhorghníomhú sa Ghearmáin. Is é an gníomh bailíochtaithe sin atá mar bhunús leis an OIE sin agus a thugann aicmiú dó mar ‘chinneadh breithiúnach’, a cheanglaítear le hAirteagal 1(1) den Treoir sin. Feictear dom, mar sin, gur neamhábhartha é gurb amhlaidh, i gcás intíre comhchosúil, gur cheart go mbeadh na bearta imscrúdaithe sin glactha ag údarás breithiúnach, os rud é gur féidir, de bharr bhailíochtú an OIE atá i gceist ag Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta, Oifig an Ionchúisitheora phoiblí a chomhshamhlú le húdar an ordaithe sin.[22] Is é sin go díreach an chúis go bhforáiltear leis an tríú habairt de Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin, i gcás ina mbeidh ordú imscrúdaitheach bailíochtaithe ag údarás breithiúnach, ‘féadfar’ an t-údarás sin a mheas freisin mar ‘údarás eisiúna’ chun críocha an OIE a tharchur, tar éis do reachtóir an Aontais an rogha a fhágáil faoi dhiscréid na mBallstát.

42. Leanann sé ón méid thuas, i bhfianaise a foclaíochta, nach gcuirtear cosc le hAirteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41 ar údarás neamhbhreithiúnach a eisíonn, i gcomhréir lena dlí náisiúnta, bearta imscrúdaitheacha sonracha, a bhailíochtaíonn údarás breithiúnach sula bhforghníomhaítear iad i mBallstát eile, a aicmiú mar ‘údarás eisiúna’ de réir bhrí na forála sin, fiú i gcás ina mbeadh glacadh beart imscrúdaitheach den sórt sin forchoimeádta i gcás intíre faoi inniúlacht na n-údarás breithiúnach amháin.

### *Léiriú comhthéacsúil*

43. Sa dara háit, ní dhéantar an léiriú sin a chur ó bhail ar bhealach ar bith mar gheall ar *chomhthéacs* Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41. Chuige sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne go bhforáiltear go sainráite sa dara habairt den fhoráil seo go gceanglaítear ar an údarás breithiúnach, agus é i mbun OIE a bhailíochtú, scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht an chinnidh sin leis na coinníollacha chun OIE a eisiúint faoin Treoir sin, go háirithe, na cinn a leagtar síos in Airteagal 6(1) de. Is cosúil nach gcuireann aon cheann de na coinníollacha eisiúna sin cosc ar údarás neamhbhreithiúnach, amhail KNAB a ghlacann bearta imscrúdaitheacha arna mbailíochtú ag údarás breithiúnach, a aicmiú mar ‘údarás eisiúna’, nuair a bheadh glacadh beart den sórt sin i gcás intíre faoi inniúlacht na n-údarás breithiúnach amháin.

44. Ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/41, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(c) agus le haithris 11 den Treoir sin, tá bailíochtú OIE, amhail a eisiúint, faoi réir dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh, eadhon, ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 6(1)(a), go mbeadh eisiúint OIE riachtanach agus comhréireach chun críocha na n-imeachtaí, go háirithe imeachtaí coiriúla, dá dtagraítear in Airteagal 4 den Treoir sin, ag féachaint do chearta an duine

[22] Féach, de réir análaí, breithiúnais an 10 Samhain 2016, *Özçelik* (C-453/16 PPU, EU:C:2016:860, mír 30), a bhain leis an nós imeachta maidir le bailíochtú ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí ar bharántas gabhála náisiúnta arna eisiúint ag an tseirbhís póilíneachta, agus an 9 Deireadh Fómhair 2019, *NJ (Ionchúisitheoir Poiblí Vín)* (C-489/19 PPU, EU:C:2019:849, mír 46), a bhaineann leis an nós imeachta chun ordú gabhála a fhormheas trí bhíthin barántas gabhála arna eisiúint ag Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Phoblacht na hOstaire.

atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe [23] agus, ar an dara dul síos, faoi Airteagal 6(1) (b) den Treoir sin, go bhféadfaí na bearta imscrúdaitheacha a léirítear in OIE a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre comhchosúil. [24] De bhun Airteagal 6(2) den Treoir sin, i ngach cás, déanfaidh an t-údarás eisiúna an dá choinníoll sin a mheasúnú.

45. Cé nach sonraítear sna forálacha sin conas agus cén chéim de na himeachtaí coiriúla nach mór na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Threoir 2014/41 a chomhlíonadh, ós rud é gur gá go dtiocfadh na rialacha sin faoi neamhspleáchas nós imeachta an Stáit eisiúna, is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 2(c)(ii), Airteagal 6(1) agus (2) agus aithris 11 den Treoir sin nach mór don údarás neamhbhreithiúnach comhlíonadh na gcoinníollacha sin a fhíorú, ag céim tarraingt suas OIE agus, go háirithe, leis an togra le haghaidh bearta imscrúdaitheacha sonracha, agus nach mór don údarás breithiúnach an fíorú sin a dhéanamh, ag céim bhailíochtaithe OIE. Thairis sin, comhthacaítear leis an gcinneadh sin toisc nach mór d'údarás breithiúnach OIE a 'bhailíochtú', is gá go dtugtar le tuiscint leis an téarma 'bailíochtú' go ndeimhnítear fíorú tosaigh arna dhéanamh ag an údarás neamhbhreithiúnach. Tacaíonn an cinneadh sin le léiriú sa chaoi, i gcás inarb ann do bhailíochtú den sórt sin, nach gceanglaítear leis an Treoir sin go mbeadh an t-údarás eisiúna inniúil freisin chun na bearta lena mbaineann a ordú i gcás intíre. Ní mór OIE a thuiscint mar thagairt don ghníomh san fhoirm ina bhfuil sé tráth a fhorghníomhaithe, eadhon tar éis don údarás breithiúnach é a bhailíochtú, ós rud é nach bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige roimh an gcéim sin agus nach féidir é a tharchur. [25]

46. Sa chás seo, níl aon rud le tabhairt le fios nach gcomhlíontar na coinníollacha sin a leagtar síos in Airteagal 6 de Threoir 2014/41 sa chás sna príomhimeachtaí.

47. Maidir leis an gcéad choinníoll, dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) den Treoir sin, a bhaineann, ar an gcéad dul síos, le riachtanas agus comhréireacht aidhmeanna na n-imeachtaí, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó na barúlacha a thíolaic Rialtas na Laitvia, go bhfuair KNAB, sular eisíodh an OIE atá i gceist, na húdaruithe breithiúnacha is gá ó chúirt na Laitvia le haghaidh na mbeart cuardaigh dá dtagraítear sa chinneadh imscrúdaithe. Ar an dara dul síos, maidir le cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a chur san áireamh, níl aon rud sa chomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte a thabharfadh le fios nach raibh athbhreithniú breithiúnach ar an OIE atá i gceist in ann urraim den sórt sin do chearta bunúsacha a áirithiú. Seachas sin, dealraíonn sé, i gcás intíre coibhéiseach, go raibh OIE faoi réir athbhreithniú breithiúnach dúbailte, ar an gcéad dul síos, ag an mbreitheamh imscrúdaithe, agus, ar an dara dul síos, ag Oifig Ionchúisitheoir Poiblí Phoblacht na Laitvia, agus go raibh an t-athbhreithniú sin bunaithe ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-údarás neamhbhreithiúnach ar fáil.

48. Maidir leis an dara coinníoll, dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41, is léir freisin ó na doiciméid os comhair na Cúirte go bhféadfaí na bearta imscrúdaitheacha céanna a luaitear san OIE atá i gceist a ordú i gcás intíre comhchosúil, sa mhéid is go bhféadfadh KNAB na bearta céanna sin a mholadh chun go nglacfadh an breitheamh imscrúdaithe iad. Thairis sin, chinn an Chúirt cheana féin, trí úsáid a bhaint as na focail 'faoi na coinníollacha céanna' agus 'i gcás intíre comhchosúil', déantar cinneadh in Airteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41 maidir leis na coinníollacha beachta is gá chun OIE a eisiúint le go mbeidh sé ag brath ar dhlí an Stáit eisiúna amháin. [26] Tá sé mar aidhm ag an bhfhoráil seo dul timpeall ar na rialacha agus na ráthaíochtaí dá

[23] Féach na breithiúnais in *Spetsializirana prokuratura* (mír 32) agus *EncroChat* (mír 88).

[24] Féach na breithiúnais in *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 57) agus *EncroChat* (mír 87).

[25] Féach, de réir análaí, breithiúnas an 9 Deireadh Fómhair 2019, *NJ (Ionchúisitheoir Poiblí Vín)* (C-489/19 PPU, EU:C:2019:849, míreanna 42 agus 43).

[26] Féach an breithiúnas in *EncroChat* (míreanna 90 go 93).

bhforáiltear le dlí an Stáit eisiúna a sheachaint.[27] Ní féidir aon éifeacht imchéimnithe den sórt sin a bheith mar thoradh ar eisiúint OIE ag údarás neamhbhreithiúnach, nuair a dhéanfaidh údarás breithiúnach é a bhailíochtú ina dhiaidh sin.

49. Ar an dara dul síos, taobh amuigh de na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Threoir 2014/41, ní mór don údarás eisiúna réasúnaithe breise a sholáthar i gcomhthéacs bearta imscrúdaitheacha sonracha áirithe. Dá réir sin, ceanglaítear le hAirteagal 26(5) den Treoir sin, maidir le faisnéis a bhaineann le cuntais bhainc agus cuntais airgeadais eile, go sonróidh an t-údarás eisiúna na cúiseanna a mheasann sé gur dócha go mbeadh an fhaisnéis a iarrtar tábhachtach chun críocha na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 27(4) agus Airteagal 28(3) den Treoir seo freisin, faoi seach, fáisnéis a bhaineann le hoibríochtaí baincéireachta agus airgeadais eile agus bearta imscrúdaitheacha lena dtugtar bailiú fianaise i bhfíor-am, go leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama le tuiscint, go léireoidh an t-udarás na cúiseanna a measann sé go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ábhartha chun críocha na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann.[28] Féadfaidh údarás neamhbhreithiúnach na réasúnuithe breise sin a sholáthar, gan beann, i gcás inarb ábhartha, i gcás intíre, gurb é údarás breithiúnach a dhéanfadh na cinntí lena n-ordaítear an fhaisnéis sin a thabhairt ar aird.

50. Ar an tríú dul síos, foráiltear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2014/41, arna léamh i bhfianaise aithris 22 di, d'oibleagáid ghinearálta ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh leigheasanna dlí atá ar a laghad coibhéiseach leo siúd atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil infheidhme maidir leis an mbeart imscrúdaitheach atá faoi réir OIE. Thairis sin, i gcomhréir le Airteagal 14(3) den Treoir sin, ní mor don údarás eisiúna a áirithiú go dtabharfar faisnéis leordhóthanach do na daoine lena mbaineann an t-ordú sin maidir lena leigheasanna dlí agus na teorainneacha ama dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta, chun a gceart chun leigheas a fheidhmiú go héifeachtach a ráthú.[29] Ar deireadh, faoi Airteagal 14(7) den Treoir sin, cuirfidh an Stát eisiúna san áireamh agóid rathúil i gcoinne OIE a aithint nó a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta féin. Mar sin, gan dochar do rialacha nós imeachta náisiúnta, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar, le linn na n-imeachtaí coiriúla sa Stát eisiúna, cearta na cosanta agus cothroime na n-imeachtaí nuair a dhéantar an fhianaise a fuarthas tríd an OIE a mheas.[30] I mo thuairimse, d'fhéadfadh údarás neamhbhreithiúnach na hoibleagáidí sin chun faisnéise a sholáthar agus urramú chearta na cosanta seo a áirithiú, faoi mhaoirseacht údaráis breithiúnach, gan beann an bhféadfadh an t-údarás breithiúnach bearta imscrúdaithe coibhéiseacha a ordú i gcás intíre comhchosúil.

### *Léiriú teileolaíoch*

51. Sa tríú háit, maidir leis an *gcuspóir a shaothraítear* le Treoir 2014/41, feictear dom go bhfuil an léiriú a mholtar i mír 42 den Tuairim seo, thairis sin, de chineál gur féidir cur chun feidhme iomlán an chuspóra sin a áirithiú, mar a mheabhraítear i mír 25 den Tuairim seo, arb é atá ann córas simplithe agus níos éifeachtaí a bhunú bunaithe ar OIE, chun comhar breithiúnach a éascú agus a luathú agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an gcuspóir a bhaint amach maidir le bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais ar bhonn phrionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh.[31]

[27] Féach an breithiúnas in *EncroChat* (mír 97).

[28] Féach an breithiúnas in *Spetsializirana prokuratura* (mír 33).

[29] Féach an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Wien* (míreanna 60 agus 61).

[30] Féach an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Wien* (mír 62).

[31] Féach breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2019, *Gavanozov* (C-324/17, EU:C:2019:892, mír 35). Féach, freisin, mír 25 den Tuairim seo.

52. I ndáil leis sin, chun an cuspóir maidir le comhar simplithe agus éifeachtach idir na Ballstáit a bhaint amach, is gá an t-údarás a d'eisigh OIE a shainaithint go simplí agus go haonchiallach chun a chinneadh an gá d'údarás breithiúnach cinneadh den sórt sin a bhailíochtú de bhun Airteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41. Le léiriú bunaithe ar an gcinneadh amháin go bhfuil údarás neamhbhreithiúnach 'sainithe' ag an Stát eisiúna mar údarás atá inniúil chun gníomhú mar údarás imscrúdaithe, de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin, is féidir a chinneadh, go haonchiallach, an dtagann údarás faoi raon feidhme phointe (ii) den fhoráil sin, ar bhonn na rogha arna déanamh ag an Stát eisiúna amháin agus ní ar bhonn chineál na fianaise lena mbaineann. Dá ndéanfaí léiriú dá mhalairt, ar thaobh amháin, bheadh 'ilroinnt' ar an gcóras mar thoradh air sa mhéid go bhféadfadh 'údaráis eisiúna' éagsúla a bheith inniúil i gcomhthéacs an imscrúdaithe chéanna, ag brath ar chineál na mbeart imscrúdaitheach éagsúil agus ar an dlí nós imeachta is infheidhme maidir leo i gcomhthéacs cás intíre, agus, ar an taobh eile, chruthódh sé éiginnteacht dhlíthiúil agus riosca go mbeadh cur chun feidhme an chórais chun OIE a chur chun feidhme níos casta, agus, ar an gcaoi sin, bunú córais shimplithe agus éifeachtaigh comhair idir na Ballstáit in ábhair choiriúla a chur i mbaol. [32]

53. Chuige sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne go ndéanann aithris 10 de Threoir 2014/41 an t-údarás eisiúna a shainaithint mar 'an ceann is fearr le cinneadh, i bhfianaise a eolais faoi na heilimintí den imscrúdú lena mbaineann, na bearta imscrúdaitheacha ar gá dul ar iontaoibh'. [33] Dá bhrí sin, níl aon amhras ann, nuair a roghnaíonn Ballstát na hinniúlachtaí a shannadh d'údarás neamhbhreithiúnach chun feidhmiú mar údarás imscrúdaithe, ach gurb é an t-údaras sin 'an ceann is fearr' i gcomhthéacs áirithe eagrú inmheánach imeachtaí coiriúla, chun eolas níos fearr a bheith aige ar ghnéithe éagsúla an imscrúdaithe, rud a chuirfidh ar a chumas na bearta imscrúdaithe is fearr a oireann chun críocha an imscrúdaithe sin a ghlacadh agus freagairt go tapa do na staideanna nós imeachta éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ní féidir a áitiú, mar a dhéanann WBS, go mbeadh glacadh OIE i bhfad níos éifeachtaí nó níos simplí dá nglacfadh an breitheamh imscrúdaithe, mar an t-údarás eisiúna, an OIE atá i gceist, i gcomhréir le hAirteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41. Mar shampla, i gcás ina ndéanann páirtí leasmhar sa Stát forghníomhaitheach agóid i gcoinne OIE i ndáil leis na forais shubstainteacha ar a ndearnadh ón OIE a eisiúint, caithfidh an údarás neamhbhreithiúnach atá freagrach as an imscrúdú a bheith in ann an fhaisnéis faoin agóid a fháil, rud a bheadh níos éifeachtaí ná mar a bheadh i gcás ina ndéanfaí tarchur den sórt sin trí údarás eile nach é an t-údarás atá i mbun an imscrúdaithe. [34] Ar an gcaoi céanna, i gcás ina n-eascraíonn forghníomhú OIE costais an-ard ar an Stát forghníomhaitheach, a eascraíonn go háirithe as tuairimí casta na saineolaithe nó as oibríochtaí póilíneachta fairsinge nó as gníomhaíochtaí faireachais thar thréimhse fada ama, d'fhéadfadh saincheist na gcostas a bheith ina ábhar comhairliúchán idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach. I gcomhthéacs na gcomhairliúchán sin, is cinnte gurb é an t-údarás neamhbhreithiúnach atá freagrach as an imscrúdú is fearr chun measúnú a dhéanamh maidir le húsáideacht OIE a choinneáil ar bun agus a leathnú, go háirithe i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta san imscrúdú. [35]

54. Ar deireadh, i ndáil le sin, ní mór a thabhairt faoi deara, i roinnt Ballstát, nach bhfuil ról lárnach ag an mbreitheamh imscrúdaithe sa nós imeachta imscrúdaithe, nach ndéanann sé ach idirghabháil ar bhonn *ad hoc*, *inter alia* chun bearta imscrúdaithe áirithe a d'iarr Oifig an

[32] Féach, de réir análaí, an breithiúnas in *Staatsanwaltschaft Graz* (míreanna 43 agus 45).

[33] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Spetsializirana prokuratura* (mír 37).

[34] Féach, i ndáil leis sin, aithris 22 de Threoir 2014/41.

[35] Féach, i ndáil leis sin, aithris 23 de Threoir 2014/41.

Ionchúisitheora phoiblí a údarú.[36] Mar thoradh air sin, níl rochtain ag an gcúirt sin ar chomhad an cháis ach amháin nuair a eisíonn sí an cinneadh agus mar sin níl ach eolas teoranta aici ar an imscrúdú. Ní féidir leis an gcúirt sin eolas a chur ar réimsí an imscrúdaithe nach mbaineann lena cinneadh ná leis na forbairtí a tharlaíonn tar éis an cinneadh sin a ghlacadh. Dá gceanglófaí ar an gcúirt sin a bheith ina húdarás eisiúna OIE, bheadh moilliú ar phróiseas an chúnaimh dhlíthiúil fhrithpháirtigh, go háirithe i gcás iarraidh ón údarás forghníomhaitheach arna déanamh faoin gcéad abairt d'Airteagal 6(3) de Threoir 2014/41. Mar a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, mar is ceart, má mheastar nach bhfuil ach an chúirt imscrúdaithe ina 'húdarás eisiúna' agus théann an t-údarás forghníomhaitheach i dteagmháil léi le hiarraidh ar shoiléiriú faoin gcéad abairt d'Airteagal 6(3) den Treoir sin, beidh sé d'oibleagáid ar an gcúirt imscrúdaithe a iarraidh ar an údarás neamhbhreithiúnach atá i mbun an imscrúdaithe an comhad a sheoladh chuici agus beidh uirthi freisin eolas a chur (arís) ar an imscrúdú agus ar dhul chun cinn an imscrúdaithe. D'fhéadfadh castacht teacht chun cinn freisin i gcásanna, mar atá sa chás seo, nach dtagann bearta imscrúdaitheacha go heisiach faoi inniúlacht na gcúirteanna agus gur féidir le húdaráis eile iad a ghlacadh, ionas go bhféadfaí dhá OIE arna n-eisiúint ag beirt idirghabhálaithe éagsúla a thabhairt os comhair an údaráis fhorghníomhaithigh atá ag déileáil leis an gcás céanna.

### *Stair reachtach Threoir 2014/41*

55. Sa cheathrú háit, tacaítear leis an léiriú litriúil, comhthéacsúil agus teileolaíoch le *stair reachtach* Threoir 2014/41. Mar meabhrúchán, le linn ullmhú na dréachtreachtaíochta tar éis an togra tosaigh le haghaidh Treoir arna thíolacadh ag seacht mBallstát,[37] thug an Chomhairle dá haire gur chuir roinnt Ballstát i gcoinne na forála lena dtugtar isteach an oibleagáid OIE a d'eisigh údarás neamhbhreithiúnach a aithint, ach 'i bhfianaise an bhunúis dlí a roghnaíodh don togra sin', thángthas ar chomhréiteach ar bhonn nós imeachta um bailíochtú éigeantach a thabhairt isteach maidir le comhréireacht an OIE le coinníollacha chun OIE a eisiúint, nuair a eisíonn údarás inniúil seachas breitheamh, ionchúisitheoir nó giúistís imscrúdaithe é.[38] Leanann sé go ndearnadh an rogha seo ar mhaithe le neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát a urramú agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta, agus go háirithe ó rud é, i roinnt Ballstát, nach iad na cúirteanna a dhéanann na himeachtaí réamhthrialach ach Oifig an Ionchúisitheora nó na húdaráis riaracháin.[39]

56. I bhfianaise an mhéid sin go léir, measaim gurb é freagra na ceiste a tarchuireadh ná nach gcuirtear cosc le hAirteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41 ar údarás neamhbhreithiúnach a eisíonn, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, bearta imscrúdaitheacha sonracha a aicmiú mar 'údarás eisiúna' OIE, de réir bhrí na forála sin, fiú i gcás ina dtiocfadh glacadh beart imscrúdaitheach den sórt sin i gcás intíre faoi inniúlacht na n-údarás breithiúnach amháin, ar choinníoll go ndéanfar na bearta imscrúdaitheacha sin a bhailíochtú sula n-eisíonn údarás breithiúnach OIE, tar éis a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha uile maidir le heisiúint agus tarchur a leagtar síos leis an Treoir sin.

[36] Féach, go háirithe, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, agus murab ionann agus traidisiúin dhlíthiúla eile, amhail sa Fhrainc, áit a bhfuil an breitheamh imscrúdaithe freagrach go ginearálta as an imscrúdú.

[37] Féach, go háirithe Airteagal 2(a)(ii) den tionscnamh ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na hEastóine, ó Ríocht na Spáinne, ó Phoblacht na hOstaire, ó Phoblacht na Slóivéine, agus ó Ríocht na Sualainne le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [...] maidir leis an [OIE] in ábhair choiriúla (IO 2010 C 165, lch. 22).

[38] Féach an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón gComhairle an 26 Samhain 2010 (16868/10 COPEN 266 EUROJUST 135 EJN 68 CODEC 1369), lch. 5.

[39] Féach, i ndáil leis sin, fonóta 16 den Tuairm seo, agus Bachmaier Winter, L. 'Further Mutual Assistance: The European Investigation Order' in Ambos, K. agus Rackow, P. (eag.) *The Cambridge Companion to European Criminal Law*, Cambridge University Press, 2023, lgh. 292 agus 293, agus Gogorza, A. 'Décision d'enquête européenne – La relativité de la notion européenne d'autorité judiciaire', An dlí coiriúil – Lexis Nexis, Uimh. 2, 2021, lch. 44.

***Raon feidhme an bhreithiúnais in*** Spetsializirana prokuratura

57. Sa chúigiú háit agus ar deireadh, tugaim faoi deara, murab ionann agus an méid a éilíonn WBS agus an Coimisiún, go bunúsach, nach féidir an chonclúid sin a chur ó bhail leis an mbreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura*, lenar chinn an Chúirt nach mór Airteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc le hionchúisitheoir poiblí a bheith inniúil chun OIE a eisiúint atá dírithe ar shonraí tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid a fháil más amhlaidh, i gcás intíre comhchosúil, go dtagann glacadh birt imscrúdaithigh chun rochtain a fháil ar shonraí den sórt sin faoi inniúlacht eisiach na cúirte.

58. Ar an gcéad dul síos, mar a thugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara i gceart, sa chás ba bhun leis an mbreithiúnas sin, ba 'údarás eisiúna' é an t-údarás a d'eisigh an OIE de réir bhrí Airteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41, eadhon Oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Bulgáire, ach, sa chás seo, is 'údarás inniúil eile' é an t-údarás eisiúna de réir bhrí Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin. Tugann an t-idirdhealú sin le tuiscint go bhfuil raon feidhme na bprionsabal arna leagan amach ag an gCúirt, go háirithe i míreanna 29 agus 30 den bhreithiúnas sin, trína ndearna an Chúirt anailís ar fhoclaíocht Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin, teoranta go loighciúil d'údaráis bhreithiúnacha agus nach féidir na prionsabail sin a thrasuí chuig údaráis neamhbhreithiúnacha. Is é sin le rá, éilíonn an breithiúnas céanna 'comhthreomhaireacht' i dtéarmaí céim ordlathach idir an t-údarás atá inniúil chun OIE a ghlacadh agus an t-údarás atá inniúil chun na bearta imscrúdaitheacha céanna a ghlacadh i gcás intíre, i gcás inar údaráis bhreithiúnacha iad an dá údarás sin agus sa chás sin amháin.

59. Ina dhiaidh sin, cosúil leis an gcúirt a rinne an tarchur, tugaim faoi deara go bhfuil an cás seo éagsúil leis an gcás is cúis leis an mbreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura* sa mhéid is go raibh an beart cuardaigh atá i gceist, a bhfuil a ghlacadh forchoimeádta do na cúirteanna amháin faoi dhlí na Laitvia, údaraithe, sular eisíodh é, ag breitheamh imscrúdaithe agus, ina dhiaidh sin, bailíochtaithe ag Oifig Ionchúisitheoir Ginearálta an Bhallstáit sin, a mheas go raibh sé riachtanach agus comhréireach. Os a choinne sin, sa chás as ar eascair an breithiúnas in *Spetsializirana prokuratura*,, d'eisigh Oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Bulgáire, mar an t-údarás eisiúna, de réir bhrí Airteagal 2(c)(i) de Threoir 2014/41, ceithre ordú imscrúdaithe Eorpacha maidir le bailiú sonraí tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid, gan idirghabháil cúirte Bulgáraí a iarraidh ar dtús, ach, i gcás intíre comhchosúil, ní fhéadfadh Oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Bulgáire bearta den sórt sin a ordú ach amháin le húdarú cúirte den sórt sin. Dá bhrí sin, ciallaíonn sé sin nach bhfuil na forais ar a bhfuil an Chúirt ag brath, i míreanna 32 go 38 den bhreithiúnas sin, atá dírithe ar anailís a dhéanamh ar an gcomhthéacs agus ar na cuspóirí atá á saothrú leis an Treoir sin, infheidhme ná ábhartha maidir leis an gcás seo.

60. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an anailís chomhthéacsúil a rinne an Chúirt, i míreanna 32 go 35 den bhreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura*, a bhaineann le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/41, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a rinneadh i míreanna 44 go 48 den Tuairim seo, nach ndealraíonn sé go bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear san fhoráil sin ábhartha sa chás seo. Sa chás seo, chomhlíon KNAB, ag gníomhú dó mar 'an duine atá freagrach as an nós imeachta imscrúdaithe', agus dá bhrí sin mar an t-údarás atá inniúil chun an beart imscrúdaitheach a ordú faoin dlí náisiúnta, na hoibleagáidí fíoraithe, a bhaineann le riachtanas agus comhréireacht an bhirt sin, a leagtar síos in Airteagal 6(1) (a) den Treoir sin, a mhéid a shonraigh an breitheamh imscrúdaithe inniúil ina chinneadh go raibh na cuardaigh a bhí le déanamh i mBeirlín riachtanach agus comhréireach. Dá bhrí sin, murab ionann agus an cás as ar eascair an breithiúnas in *Spetsializirana prokuratura*, ní raibh aon ghá, sa chás seo, aon cheanglas ar leith a chomhlíonadh maidir le cúiseanna a lua leis an mbeart sin ag an údarás féin. Ina theannta sin,

d'eisigh KNAB an OIE atá i gceist in imthosca ina bhféadfaí beart imscrúdaitheach a ordú i gcás intíre comhchosúil, ós rud é go ndearna an breitheamh imscrúdaithe idirghabháil chun an beart cuardaigh a údarú sular eisíodh an OIE sin.

61. Ar an dara dul síos, ní fhéadfadh a bheith ábhartha ach oiread na ceachtanna a foghlaimíodh ón anailís ar chuspóirí Threoir 2014/41, i míreanna 36 go 38 den bhreithiúnas in *Spetsializirana prokuratura*, a thug ar an gCúirt Bhreithiúnais a chinneadh, i gcomhthéacs léiriú Airteagal 2(c)(i) den Treoir sin, go gcruthófaí le haon idirdhealú idir údarás eisiúna OIE agus an t-údarás atá inniúil chun bearta imscrúdaitheacha a ordú i gcomhthéacs na n-imeachtaí coiriúla sin riosca go ndéanfaí an córas comhair níos casta agus, ar an gcaoi sin, bunú córais shimplithe agus éifeachtaigh a chur i mbaol. Os a choinne sin, mar a tugadh faoi deara i míreanna 52 go 54 den Tuairim seo, i gcomhthéacs léiriú Airteagal 2(c)(ii) den Treoir sin, d'fhéadfadh castacht an chórais comhair sin a bheith mar thoradh ar an gceanglas nach mór d'údarás eisiúna OIE a bheith mar an t-údarás atá inniúil chun an beart imscrúdaitheach atá i gceist a ordú faoin dlí náisiúnta, i gcás inar údarás neamhbhreithiúnach é an t-údarás sin.

## Conclúid

62. I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, molaim don Chúirt Bhreithiúnais an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ó Kammergericht Berlin (Ard-Chúirt Réigiúnach, Beirlín, an Ghearmáin) a fhreagairt mar a leanas:

Maidir le hAirteagal 2(c)(ii) de Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla;

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar údarás neamhbhreithiúnach a eisíonn, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, bearta imscrúdaitheacha sonracha a aicmiú mar 'údarás eisiúna' Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh, de réir bhrí na forála sin, fiú i gcás ina dtiocfadh glacadh beart imscrúdaitheach den sórt sin i gcás intíre faoi inniúlacht na n-údarás breithiúnach amháin, ar choinníoll go ndéanfar na bearta imscrúdaitheacha sin a bhailíochtú sula n-eisíonn údarás breithiúnach Ordú Imscrúdaithe Eorpach, tar éis a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha uile maidir le heisiúint agus tarchur a leagtar síos leis an Treoir sin.